

## Mainistir na Búille

Chaith mé seacht seachtainí i Mainistir na Búille  
Mo luí ar mo leaba, ní 'mo chodladh ach 'mo dhúiseacht,  
Ag súil leat chuile leathuair go dtabharfá an sagart faoi rún leat,  
Ó, bhí tú do mo mhealladh nó gur chaill mé mo chlú leat.

Mar bhláth bán ins sa ngairdín a bhíonn mo ghrá-sa i dtús an tsamhraidh,  
Nó na faoileáiníní bána a bhíonn ag snámh ar Loch Éirne,  
Mar loingis os cionn an tsáile a mbeadh a dealramh ag dul timpeall,  
Sin mar a bhíonn mo ghrása ag rámhailtí thrí' m'intinn.

Chuaigh mo mhuintir go Baile an Róba ag cur mo chónra dhá déanamh  
Is an chuid eile acu go Coill an Tóchair , ag baint mo chróchair de bharr géaga,  
Ach tá súil le Rí na nGrásta agam go bhfuil siad uilig bréagach,  
Is go mbeidh mise is mo mhíle stóirín seal i gabháil lena chéile.

Is nach aoibhinn don chábán a dtéann mo ghrása ag ól ann,  
Nach aoibhinn don tollán ar a leagann sé a bhróig air,  
Is nach aoibhinn don chailín óg deas a gheobhfas é le pósadh,  
'Sé réalt eolais na maidine é, is crann soilse an tráthnóna.

Nár mba fada nó go bhfaighfidh mé uait litir nó scéala,  
Is nár mba fada nó go bhfaighfidh mé le n-oscailt 's le léamh í,  
Nár mba fada nó go bhfeicfidh mé an sagart ina chulaith ghlégeal,  
Ór buí inár bpócaí 'gus muide pósta ar a chéile.

Le tacaíocht ó